# Vóta 15 An Oifig Luachála

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 15, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus ar chostais na hOifige Luachála agus ar mhionseirbhísí áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá an Ráiteas um Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5 mar chuid den Chuntas.

**Ráiteas um Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh chun feidhme na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais**

Molann tuarascáil an Ghrúpa Oibre faoi Chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta go gcuirfeadh na hOifigigh Cuntasaíochta faoi bhráid in éineacht lena gcuid Cuntas Leithreasa ráiteas tuairisciúil faoi rialuithe airgeadais inmheánacha. Cuireann an tuarascáil béim ar an bhfírice gur próiseas leanúnach é feabhsú na gcóras rialaithe airgeadais inmheánach agus aithníonn sí go bhfuil i gceist le lánsuiteáil na gcóras rialaithe cuimsitheach clár oibre forbartha ilbhliantúil.

***Freagracht um Chóras an Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním gur mise atá freagrach as cinntiú go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh, agus go ndéantar é a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig Luachála. Cleachtaítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil agam agus na ndualgas eile atá agam mar Cheann Oifige. Chomh maith, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmhéanaigh ach ráthaíocht réasúnta a sholáthar seachas dearbhráthaíocht go ndéantar sócmhainní a chumhdach, idirbhearta a údarú agus a thaifead go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha cé acu a chosc nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. D'eascair roinnt laigí airgeadais agus rialachais i 2010. Thug mé faoi bhearta éagsúla le plé leo siúd i 2011, faoi mar a shracrianaítear thíos, agus táthar ag leanúint ar aghaidh le hobair threisithe na gcóras agus na rialuithe.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas le fáil:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistithe le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag a sannadh freagracht don bhainistiú airgeadais.
- Tá gnáthaimh i bhfeidhm do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta cuí ceartaithí.
- Bhí Coiste Iniúchta athdhéanta ag feidhmiú i 2011 agus treisíodh struchtúr an Choiste ag cuimsiú an dara ball seachtrach agus ag cairt níos sonraí.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe.***

Is féidir liom deimhniú go bhfuil creatlach ghnáthamh riaracháin agus thuairiscithe bhainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe:

- Is ann do chóras cuí buiséadaithe le buiséad bliantúil, a ndéanann an lucht bainistithe sinsearach athbhreithniú air.
- Déanann an lucht bainistithe athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a thugann le fios an fheidhmíocht airgeadais le hais a raibh tuartha.
- Cloítear le treoirlínte rialaithe infheistithe chaipitil agus le disciplíní bainistithe thionscadail.

***Iniúchadh inmheánach***

Is féidir liom deimhniú go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig Luachála, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa. Rinneadh an fheidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsiú i 2011 go comhlacht cuntasóirí a thugann tuairisc don Cheannaire Iniúchta Inmheánaigh.

***Ag Feabhsú an Rialaithe Inmheánaigh***

De réir aitheantas tuarascáil an Ghrúpa Oibre gur próiseas leanúnach é feabhsú chórais an rialaithe airgeadais inmheánaigh, táim ag leanúint ar aghaidh leis an obair atá i gceist le feabhas a chur ar an timpeallacht rialaithe chun moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm go huile is go hiomlán agus leis na laigí sin a scor a tháinig chun cinn i 2010. Dá réir sin, tá cur síos déanta agam ar na bearta atá déanta agam nó atá beartaithe maidir leis na heilimintí seo a leanas den chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

- Cuireadh i gcrích dhá athbhreithniú iniúchta inmheánaigh i 2011 agus faomhadh na tuarascálacha ag an gCoiste Iniúchta. Iniúchadh cuimsitheach na Rialuithe Airgeadais Inmheánacha a bhí i gceann acu sin, agus cuireadh mórchuid a chuid moltaí i bhfeidhm. Leanfar ar aghaidh le tuilleadh oibre i 2012.
- Cuireadh i gcrích athbhreithniú ar na struchtúir agus ar na gnáthaimh bhainistithe riosca ag an Aonad Iniúchta Inmheánaigh, agus dá thoradh sin cuireadh i bhfeidhm ráiteas polasaí riosca agus nuashonraíodh agus treisíodh próisis le plé leis an riosca.
- Cuireadh i bhfeidhm gnáthaimh d'aithint agus d'imscrúdú na caimiléireachta.
- Fostú cuntasóra i gcumas páirtaimseartha le tacú le feidhmeanna cuntasaíochta san Oifig.
- Tugadh faoi fhardal na sócmhainní ar fad agus a n-ionchorprú i gclár nua sócmhainní. Tá an clár sócmhainní seo i bhfeidhm do chuntais 2011.
- Treoir go ndéantar diúscairtí a dhoiciméadú agus a fhaomhadh roimh a ndiúscairt ag an Oifigeach Airgeadais.
- Cuireadh i bhfeidhm gnáthamh athbhreithnithe do réiteach rialta na gcistí a iarrtar ón bPámháistir Ginearálta, a íoctar trí bhogearraí párolla agus a shanntar do chóid chuntais bhainc na mórleabhar ginearálta, agus tá maoirseacht á déanamh ag an gcuntasóir air sin.
- Treisíodh socruithe le cinntiú go gcloítear go huile is go hiomlán le riachtanais agus le treoirlínte soláthair.
- Cuireadh roinnt oiliúna ar fáil do na baill fhoirne sin atá ag obair sa réimse airgeadais agus leanfar ar aghaidh leis an oiliúint seo i 2012.

**Dermot B Quigley**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála
30 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 15: Oifig Luachála le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Oifig Luachála. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhlian dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
23 Lúnasa 2012

# An Oifig Luachála - Vóta 15
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Suim a soláthraíodh sna meastacháin | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas ar chlár** | | | | |
| A | Soláthar na seirbhíse luachála stáit | 9,832 | 8,905 | 9,672 |
| B | Seirbhísí riaracháin don Bhinse Luachála | 574 | 654 | 559 |
| | **Ollchaiteachas** | **10,406** | **9,559** | **10,231** |
| | **Lúide** | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **2,198** | **2,427** | **2,699** |
| | **Glanchaiteachas** | **8,208** | **7,132** | **7,532** |
| | **Barrachas le tabhairt suas** | | **€1,075,653** | **€1,812,528** |

| Riarachán | | 2011 Suim a soláthraíodh sna meastacháin | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| (i) | Tuarastail, pá agus liúntais | 7,966 | 7,974 | 8,242 |
| (ii) | Taisteal agus cothabháil | 425 | 164 | 258 |
| (iii) | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 356 | 138 | 173 |
| (iv) | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 155 | 118 | 89 |
| (v) | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 942 | 476 | 823 |
| (vi) | Costais áitreabh oifige | 186 | 110 | 185 |
| (vii) | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 70 | 84 | 42 |
| | | **10,100** | **9,064** | **9,812** |

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas ar chlár | | | 495 | 419 |
| Pá | | | 7,974 | 8,242 |
| Neamh-phá | | | 1,090 | 1,570 |
| **Ollchaiteachas** | | | 9,559 | 10,231 |
| Lúide | | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | | 2,427 | 2,699 |
| **Glanchaiteachas** | | | 7,132 | 7,532 |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | | (47) | | |
| Dímheas | | 293 | 246 | 146 |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | | (152) | (93) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | | 520 | | (390) |
| Méadú ar stoc | | (2) | | |
| | | | 518 | (7) |
| **Caiteachas díreach** | | | 7,744 | 7,188 |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | | | 5,754 | 5,919 |
| **Costas iomlán oibriúcháin** | | | **13,498** | **13,107** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 15 atá á n-iompar in áiteanna eile.

| Vóta | | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| 7 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 3,920 | 4,183 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,834 | 1,736 |
| | | **5,754** | **5,919** |

## 2 Clár Comhardaithe amhail 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 534 | 451 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.2 | 16 | 93 |
| | | **550** | **544** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 364 | 1,046 |
| Stoic | 2.4 | 38 | 36 |
| Réamhíocaíochtaí | | 152 | 422 |
| Ioncam fabhraithe | | 245 | 410 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 76 | 57 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **875** | **1,971** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 61 | 2 |
| Ioncam iarchurtha | | 103 | 77 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 199 | 398 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 241 | 705 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **604** | **1,182** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 271 | 789 |
| **Glansócmhainní** | | **821** | **1,333** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cistiú ón Stát** | | **821** | **1,333** |

## 2.1. Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail 1 Eanáir 2011 | 1,859 | 1,408 | 3,267 |
| Coigeartú na bliana roimhe sin [1] | 358 | (42) | 316 |
| Breiseanna | 272 | 4 | 276 |
| Costas nó luacháil amhail 31 Nollaig 2011 | 2,489 | 1,370 | 3,859 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail 1 Eanáir 2011 | 1,590 | 1,226 | 2,816 |
| Coigeartú na bliana roimhe sin [1] | 154 | 62 | 216 |
| Dímheas don bhliain | 272 | 21 | 293 |
| Dímheas carntha amhail 31 Nollaig 2011 | 2,016 | 1,309 | 3,325 |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2011** | **473** | **61** | **534** |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2010** | **269** | **182** | **451** |

[1]Léiríonn an coigeartú ón mbliain roimhe sócmhainní breise a aithníodh de thoradh ar chomhaireamh iomlán na sócmhainní seasta, athaicmiú sócmhainní áirithe agus an iarmhairt ghaolmhar ar an dímheas carntha.

## 2.2 Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt

| amhail 31 Nollaig | Feidhmchláir ríomhaireachta intí |
|---|---|
| | €000 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail 1 Eanáir 2011 | 93 |
| Aistrithe chuig sócmhainní caipitil | (229) |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 152 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail 31 Nollaig 2011 | 16 |

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| amhail 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna agus airgead tirim Oifig an Phámháistir Ghinearálta | 378 | 1,074 |
| Orduithe gan íoc | (14) | (28) |
| | 364 | 1,046 |

## 2.4 Stoic

| amhail 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Stoic inchaite na hOifige Luachála | 33 | 30 |
| Stoic inchaite an Bhinse Luachála | 5 | 6 |
| | 38 | 36 |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Míreanna dochair ar fionraí | 76 | 57 |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| amhail 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 121 | 218 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 48 | 60 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 28 | 16 |
| Pinsin | (2) | — |
| | 195 | 294 |
| Asbhaintí párolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 4 | 72 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | — | 32 |
| | 199 | 398 |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| amhail 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas le tabhairt suas | 1,076 | 1,813 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (835) | (1,108) |
| Glandliteanas don Státchiste | 241 | 705 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 364 | 1,046 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 76 | 57 |
| | 440 | 1,103 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (195) | (294) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (4) | (104) |
| | (199) | (398) |
| | 241 | 705 |

## 2.8 Ceangaltais

| amhail 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí | 35 | — |

## 3 Caiteachas ar Chlár

| | | 2011 Suim a soláthraíodh sna meastacháin €000 | 2011 Toradh €000 | 2010 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| **A** | **Soláthar na Seirbhíse Luachála Stáit** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 7,625 | 7,643 | 7,911 |
| A.2 | Riarachán - neamh-phá | 2,134 | 1,090 | 1,570 |
| A.3 | Táillí a íocadh le habhcóidí agus costais dlí eile | 73 | 172 | 191 |
| | | **9,832** | **8,905** | **9,672** |
| **B** | **Seirbhísí Riaracháin don Bhinse Luachála** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 341 | 331 | 331 |
| B.2 | Riarachán - neamh-phá | — | — | — |
| B.3 | Binse Luachála | 233 | 323 | 228 |
| | | **574** | **654** | **559** |

**Míniú ar athrúcháin**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis os cionn €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus os cionn 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfo-mhírcheann riaracháin).

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.2 | 1,045 | Bhí an toradh do 2011 maidir le riarachán neamh-phá i bhfad ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis a bheith, mar gheall ar éifeachtúlachtaí a baineadh amach ar thaobh amháin agus toisc nach raibh an clár athluachála i bhfeidhm ach i limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath amháin le linn na bliana, rud a d'fhág gur sábháladh airgead ar chostais taistil go háirithe. Bhí coigilt mhór i gceist freisin le seirbhísí mapála mar go ndearnadh plé arís ar chonradh le Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. |
| A.3 | (100) | Bhí an caiteachas ar tháillí dlí in 2011 ní b'airde ná a measadh mar gheall ar íocaíocht aonuaire i gcás Ard-Chúirte a cinneadh roinnt blianta ó shin agus ar socraíodh táillí ina leith in 2011. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|---|
| 1. | Táillí achomhairc leis an mBinse Luachála | 65 | 126 | 49 |
| 2. | Deimhnithe luachála | 158 | 139 | 132 |
| 3. | Táillí athbhreithnithe luachála | 1,250 | 1,377 | 1,672 |
| 4. | Táillí ó achomhairc chuig an gCoimisinéir | 180 | 233 | 187 |
| 5. | Fáltais ilghnéitheacha | 65 | 61 | 155 |
| 6. | Fáltais ó asbhaint a bhain le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 480 | 491 | 504 |
| | **Iomlán** | **2,198** | **2,427** | **2,699** |

**Míniú ar athrúcháin shuntasacha**
Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann a raibh an toradh a bhain leis os cionn €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim mheasta, agus os cionn 5% amach ón tsuim mheasta.

| Mírcheann | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 3. | 127 | Bhí líon na nathbhreithnithe a raibh táillí iníoctha ina leith in 2011 níos mó ná an meastachán bunaidh. |

## 4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

Íocadh suim de €29,989 i Mí na Nollag 2011, a bhfuil i gceist leis an farasbarr ar chuntas ar fionraí a dúnadh le linn na bliana.

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Meánlíon na mball foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 144 | 149 |

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 7,375 | 7,656 |
| Liúntais i leith ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 130 | 130 |
| Liúntais eile | — | — |
| Ragobair | 27 | 35 |
| ÁSPC Fostóra | 442 | 421 |
| **Pá iomlán** | 7,974 | 8,242 |

## 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht do dhuine ar leith<br>2011<br>€ | Uasíocaíocht do dhuine ar leith<br>2010<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 27 | — | 9,093 | 7,355 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 11 | 1 | 10,128 | 10,418 |

**Nóta:**Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

## 5.2 Socruithe Luach Saothair eile

Íocadh as bronntanais dul ar pinsean do thriúr ball foirne, a raibh luach iomlán de €770 orthu, sa tréimhse suas go Márta 2011. Éiríodh as an gcleachtas seo ina dhiaidh sin.

Rinneadh íocaíochtaí arbh fhiú €24,680 ar an iomlán iad le beirt státseirbhíseach a bhí ar scor ach a bhí fostaithe ar conradh chun tascanna speisialaithe a chur i gcrích. Íocadh táillí arbh fhiú €1,365 ar an iomlán iad le beirt státseirbhíseach a bhí ar scor as a gcuid seirbhíse ar choistí na hOifige.